**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2010***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Gnáthleibhéal*

## *Roinn A (60 marc)*

**Dé hAoine, 18 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 - 5.00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

| | |
|---|---|
| **ROINN A** | • Cuirtear ceithre cheist i láthair.<br>• Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.<br>• Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A. |
| **ROINN B** | • Cuirtear trí cheist i láthair.<br>• Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.<br>• Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B. |
| **ROINN C** | • Cuirtear cúig cheist i láthair.<br>• Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.<br>• Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C. |

**Treoracha Ginearálta:**

- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

**Scrúduimhir:** ____________

# ROINN A - Croíréimsí Staidéir - Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo


**A-1.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar clé thíos raicéad leadóige. Is éilips é ceann an raicéid.

Ar an líníocht ar dheis, is é AB an mhór-ais don éilips agus tá cuid den chuar tarraingthe cheana féin.

**(a)** Aimsigh an mhion-ais agus tóg an éilips iomlán.

**(b)** Aimsigh na pointí fócais don éilips.








**A-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos suíochán nua-aimseartha as forhalla óstáin.
Taispeántar bonnchló agus ingearchló neamhchríochnaithe an tsuíocháin ar dheis.

**(a)** Críochnaigh an t-ingearchló.

**(b)** Tarraing cló cúnta den suíochán a thaispeánfaidh an fhíoruillinn idir na dromchlaí A agus B.





**A-2.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos cón traenála atá i dteagmháil le liathróid peile (A) agus le liathróid cispheile (B) freisin mar a thaispeántar. Tá na trí mhír ina seasamh ar an urlár.

Taispeánann an líníocht ar dheis bonnchló agus ingearchló an chóin. Taispeántar sféar A freisin sa bhonnchló agus taispeántar sféar B san ingearchló.

**(a)** Tarraing ingearchló sféar A.

**(b)** Tarraing bonnchló sféar B.








**A-4.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos trí chéim ar an mbealach isteach chuig foirgneamh áirithe.

Taispeántar foireann aiseanna isiméadracha ar dheis. Tá ingearchló agus bonnchló neamhchríochnaithe na gcéimeanna suite i gcoibhneas leis na haiseanna mar a thaispeántar.

**(a)** Críochnaigh bonnchló an ruda.

**(b)** Críochnaigh an teilgean aismhéadrach.






**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh**

**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomh-airde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**

